# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2336 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Samhain 2022**

**maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí $CO_2$ áirithe in aghaidh an mhonaróra chomh maith le meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh tréimhse tuairiscithe 2020**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8428)*

**(Is iad na téacsanna Béarla, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise, Ollainnise agus Sualainnise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1), an chéad fhomhír, pointí (a), (b), (d) agus (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ monaróra a chinneadh ar bhonn sonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus ag monaróirí de bhun Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le feithiclí an mhonaróra sin.

(2) Ba cheart meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ na bhfeithiclí nua tromshaothair uile a cláraíodh san Aontas a bhunú ar na sonraí arna dtuairisciú maidir le feithiclí ó gach monaróir.

(3) Ba cheart an fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle le haghaidh gach monaróra a chinneadh agus na feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tuairiscithe tromshaothair astaíochtaí ísle á gcur san áireamh.

(4) Ba cheart an chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus na creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra a chinneadh ar bhonn líon na bhfeithiclí nua tromshaothair seachas feithiclí seirbhíse arna dtuairisciú amhlaidh.

(5) Tá na sonraí a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil don Choimisiún an 1 Lúnasa 2022.

(6) D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gCoimisiún na sonraí a fhoilsítear anseo a thabhairt cothrom le dáta, má fhaigheann sé sonraí breise a dhéanfadh difear do na ríomhanna sin,

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202.

([2]) Rialachán (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair agus ar ídiú breosla na bhfeithiclí sin. IO L 173, 9.7.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in aghaidh an mhonaróra**

Maidir le meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ in aghaidh an mhonaróra, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe 2020, léirítear iad sa dara colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**An fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle in aghaidh an mhonaróra**

An fachtóir astaíochtaí nialasacha agus an fachtóir astaíochtaí ísle in aghaidh an mhonaróra, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe 2020, léirítear é sa tríú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

**Conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra**

An chonair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ agus na creidmheasanna astaíochta in aghaidh an mhonaróra, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1242, i dtréimhse tuairiscithe 2020, léirítear iad sa cheathrú colún agus sa chúigiú colún, faoi seach, den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

**Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ gach feithicle nua tromshaothair**

Is é seo a leanas meánastaíochtaí sonracha $CO_2$ feithiclí nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas i dtréimhse tuairiscithe 2020, a ríomhadh tríd an bhfoirmle in Iarscríbhinn I, pointe 2.7 a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1242 agus na feithiclí nua tromshaothair atá ag gach monaróir á gcur san áireamh: 52,46 g/tkm.

*Airteagal 5*

Is chuig na monaróirí seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

(1) DAIMLER TRUCK AG
Mercedesstr.120
70372 Stuttgart
An Ghearmáin

(2) DAF NV
Bosca poist 90065
5602 PT Eindhoven
An Ísiltír

(3) Ford Otomotiv Sanayi AS
Akpinar Mah. Hasan Basri Cad No 2
34885 Sancaktepe Iostanbúl
An Tuirc

(4) Iveco Magirus-AG
Nicolaus-Otto-Straße 27
89079 Ulm
An Ghearmáin

(5) IVECO SPA
Via Puglia 35
10156 Torino
An Iodáil

(6) MAN TRUCK AND BUS SE
Dachauer Str 667
80995 München
An Ghearmáin

(7) RENAULT TRUCK SA
99 Route de Lyon
69802 Saint Priest
An Fhrainc

(8) SCANIA CV AB
Vagnmakarvagen 1
15187 Södertälje
An tSualainn

(9) VOLVO TRUCK CORPORATION
Herkulesgatan 75
40508 Göteborg
An tSualainn.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Frans TIMMERMANS
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

*IARSCRÍBHINN*

Le gach iontráil, tagraítear do thréimhse tuairiscithe 2020 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Rialachán 2019/1242.

| Monaróir | Meánastaíochtaí sonracha $CO_2$, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1242, in g/tkm) | Fachtóir astaíochtaí nialasacha agus fachtóir astaíochtaí ísle, dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2019/1242 | Conair laghdaithe astaíochtaí $CO_2$, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1242, in g/tkm | Creidmheasanna astaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1242, in g/tkm |
|---|---|---|---|---|
| DAIMLER TRUCK AG | 52,65 | 0,999 | 51,35 | - |
| DAF NV | 55,05 | 1,000 | 54,21 | - |
| Iveco Magirus-AG | 54,81 | 1,000 | 52,01 | - |
| IVECO SPA | 33,00 | 0,998 | 29,69 | - |
| Ford Otomotiv Sanayi AS | 55,09 | 1,000 | 51,28 | - |
| MAN TRUCK AND BUS SE | 50,79 | 0,998 | 50,83 | 1 011 |
| RENAULT TRUCK SA | 50,61 | 0,998 | 48,67 | - |
| SCANIA CV AB | 50,23 | 1,000 | 51,86 | 49 534 |
| VOLVO TRUCK CORPORATION | 53,53 | 0,999 | 52,79 | - |